**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Seisiún iomlánach*

**A9-0277/2023**

26.9.2023

# TUARASCÁIL

ar Thuarascáil 2022 ón gCoimisiún maidir le Montainéagró
(2022/2202(INI))

An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha

Rapóirtéir: Tonino Picula

PR_INI

# CLÁR

**Leathanach**

TAIRISCINT I GCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ....................................3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ..........................................................................................21

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH......................................22

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........23

## TAIRISCINT I GCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar Thuarascáil 2022 ón gCoimisiún maidir le Montainéagró**
**(2022/2202(INI))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don Chomhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht Mhontainéagró, den pháirt eile[1], a tháinig i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2010,

– ag féachaint d'iarratas Mhontainéagró an 15 Nollaig 2008 ar bhallraíocht san Aontas Eorpach an 15 Nollaig 2008,

– ag féachaint don chúigiú cruinniú den Chomhdháil Aontachais le Montainéagró ar leibhéal na n-ionadaithe an 30 Meitheamh 2020 sa Bhruiséil, inar osclaíodh caibidlíocht maidir leis an gcaibidil dheireanach a scagadh, Caibidil 8 maidir le 'beartas iomaíochta',

– ag féachaint don tuairim ón gCoimisiún an 9 Samhain 2010 maidir le hiarratas Mhontainéagró ar bhallraíocht san Aontas Eorpach (COM(2010)0670), don chinneadh ón gComhairle Eorpach an 16-17 Nollaig 2010 stádas iarrthóra a dheonú do Mhontainéagró agus don chinneadh ón gComhairle Eorpach an 29 Meitheamh 2012 tús a chur le caibidlíocht aontachais an Aontais Eorpaigh le Montainéagró,

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1529 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Meán Fómhair 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III)[2],

– ag féachaint do chonclúidí na hUachtaránachta ó chruinniú na Comhairle Eorpaí in Thessaloniki an 19-20 Meitheamh 2003,

– ag féachaint do dhearbhuithe ó chruinnithe mullaigh idir an tAontas agus na Balcáin Thiar an 17 Bealtaine 2018 i Sóifia, an 6 Bealtaine 2020 i Ságrab, an 6 Deireadh Fómhair 2021 in Brdo pri Kranju agus an 6 Nollaig 2022 i dTiorána,

– ag féachaint do Phróiseas Bheirlín, a seoladh an 28 Lúnasa 2014,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Feabhra 2020 dar teideal *Enhancing the accession process – A credible EU perspective for the Western Balkans* [An próiseas aontachais a fheabhsú – Peirspictíocht inchreidte AE do na Balcáin Thiar] (COM(2020)0057),

---

[1] IO L 108, 29.4.2010, lch. 3.
[2] IO L 330, 20.9.2021, lch. 1.

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 29 Aibreán 2020 dar teideal *Support to the Western Balkans* in tackling COVID-19 and the post-pandemic recovery [Tacaíocht do na Balcáin Thiar chun dul i ngleic le COVID-19 agus an téarnamh iar-phaindéimeach] (COM(2020)0315),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 6 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal *An Economic and Investment Plan for the Western Balkans* [Plean Eacnamaíoch agus Infheistíochta do na Balcáin Thiar] (COM(2020)0641),

– ag féachaint do Dhearbhú Shóifia maidir leis an gClár Oibre Glas do na Balcáin Thiar a shínigh Montainéagró an 10 Samhain 2020,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 19 Deireadh Fómhair 2021 dar teideal *2021 Communication on EU Enlargement Policy* [Teachtaireacht 2021 maidir le Beartas an Aontais Eorpaigh um Méadú] (COM(2021)0644), lena ngabhann doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin dar teideal *Montenegro 2021 Report* [Tuarascáil 2021 maidir le Montainéagró] (SWD(2020)0293),

– ag féachaint d'Fhorléargas agus do Mheasúnuithe Tíre an Choimisiúin i mí Iúil 2021 ar Chlár Athchóirithe Eacnamaíoch Mhontainéagró agus do na conclúidí comhpháirteacha ón Idirphlé Eacnamaíoch agus Airgeadais idir an tAontas Eorpach agus na Balcáin Thiar agus an Tuirc, a ghlac an Chomhairle an 12 Iúil 2021,

– ag féachaint do Chomhdháil Aontachais Idir-rialtasach AE-Mhontainéagró an 22 Meitheamh 2021 agus an 13 Nollaig 2021,

– ag féachaint don 11ú Comhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais AE agus Montainéagró an 14 Iúil 2022 i bPodgairítse,

– ag féachaint don dearbhú agus do na moltaí a glacadh ag an 20ú cruinniú den Choiste Parlaiminteach Cobhsaíochta agus Comhlachais idir AE agus Montainéagró, a reáchtáladh an 2 Nollaig 2021,

– ag féachaint d'aontachas Mhontainéagró le ECAT an 5 Meitheamh 2017,

– ag féachaint do Thuarascáil Speisialta 01/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: Tacaíocht ón Aontas don Smacht Reachta sna Balcáin Thiar: D'ainneoin iarrachtaí, tá fadhbanna bunúsacha fós ann, an 10 Eanáir 2022,

– ag féachaint don óráid a thug Uachtarán an Choimisiúin, Ursula von der Leyen, ag Fóram GLOBSEC 2023 na Bratasláive an 23 Bealtaine 2023,

– ag féachaint do stádas Mhontainéagró mar Pháirtí Conarthach sa Chonradh um Chomhphobal Fuinnimh ón 1 Eanáir 2007,

– ag féachaint do mholadh uaithi an 19 Meitheamh 2020 chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin/Ardionadaí an Aontais do

Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála maidir leis na Balcáin Thiar, tar éis chruinniú mullaigh 2020[3],

– ag féachaint do rún uaithi an 15 Nollaig 2021 maidir le comhar i ndáil leis an gcomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe sna Balcáin Thiar[4],

– ag féachaint do mholadh uaithi an 23 Samhain 2022 chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála maidir le straitéis nua AE don mhéadú[5],

– ag féachaint do rúin uaithi roimhe seo maidir le Montainéagró,

– ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha (A9-0277/2023),

A. de bhrí gurb é an méadú an ionstraim beartais eachtraigh is éifeachtaí de chuid an Aontais, lena ndreasaítear agus lena spreagtar athchóirithe bunúsacha, lena n-áirítear i réimse an smachta reachta, an daonlathais, na gceart bunúsach agus na saoirse tuairimí a nochtadh, agus infheistíocht gheopholaitiúil straitéiseach atá dírithe ar an todhchaí sa tsíocháin, sa chobhsaíocht, sa daonlathas agus sa tslándáil ar fud na mór-roinne, go háirithe i bhfianaise chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, rud a léiríonn go mbaineann costas ollmhór straitéiseach leis an neamh-mhéadú agus gur féidir leis an neamh-mhéadú an bonn a bhaint den tslándáil agus den chobhsaíocht san Eoraip;

B. de bhrí go bhfuil laghdú suntasach tagtha ar éifeachtacht an bheartais um méadú le blianta beaga anuas mar gheall ar easpa fíorthola pholaitiúil de chuid cheannairí polaitiúla thíortha an mhéadaithe maidir le hathchóirithe bunúsacha a chur chun cinn, chomh maith le moill ar an Aontas Eorpach cuid dá ghealltanais a chomhlíonadh; de bhrí gur chruthaigh sé sin timpeallacht do ghníomhaithe seachtracha mailíseacha i réigiún na mBalcán Thiar, go háirithe an Rúis agus an tSín;

C. de bhrí gur spreag móiminteam nua an mhéadaithe, spreagtha ag an réaltacht gheopholaitiúil athraithe, agus na hiarratais ar bhallraíocht san Aontas ó roinnt tíortha de Chomhpháirtíocht an Oirthir, dlús a chur le gníomhaíocht a dhéanamh maidir lena spriocanna insoláthartha atá i bhfad thar téarma, chuig na Balcáin Thiar; de bhrí gur san Aontas Eorpach atá todhchaí thíortha na mBalcán Thiar;

D. de bhrí nach mór do cheannairí polaitiúla i mBallstáit an Aontais, agus i dtíortha an mhéadaithe, a bhfíorthiomantas don mhéadú a chruthú bunaithe ar chritéir Chóbanhávan trí bhearta nithiúla a dhéanamh agus trí dhul chun cinn a dhéanamh chun borradh a chur faoin bpróiseas ina iomláine, lena n-áiritheofar a leanúnachas, a chomhsheasmhacht, a inchreidteacht, a thrédhearcacht agus a thionchar;

[3] IO C 362, 8.9.2021, lch. 129.
[4] IO C 251, 30.6.2022, lch. 87.
[5] IO C 167, 11.5.2023, lch. 105.

E. de bhrí go ndéantar gach tír de chuid an mhéadaithe a mheas ar a fiúntas féin; de bhrí go gcinneann comhlíonadh na gcritéar um méadú, cur chun feidhme na n-athchóirithe riachtanacha, go háirithe i réimse na 'bunphrionsabail', comhlíonadh phrionsabail an daonlathais, an smachta reachta, chearta an duine agus an dea-rialachais, ailíniú le comhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais, agus ailíniú reachtach an tráthchlár agus an dul chun cinn sa phróiseas aontachais;

F. de bhrí gur athdhearbhaigh an tAontas Eorpach a thiomantas iomlán agus aonchiallach do pheirspictíocht bhallraíocht AE Mhontainéagró; de bhrí go dtacaíonn beagnach 80 % de shaoránaigh Mhontainéagró le ballraíocht san Aontas Eorpach sa todhchaí;

G. de bhrí go bhfuil Montainéagró ar an tír a bhfuil an céim is faide bainte amach aici i bpróiseas aontachais an Aontais, tar éis di gach ceann de na 33 chaibidil scagtha d'acquis AE a oscailt agus trí chaibidil a dhúnadh go sealadach; de bhrí go bhfuil a lánpháirtiú san Aontas Eorpach ríthábhachtach do chobhsaíocht agus do rathúnas oirdheisceart uile na hEorpa;

H. de bhrí gur ghlac Montainéagró le cuspóirí agus beartais an Aontais Eorpaigh a ghlacadh de réir a chéile le linn an phróisis caibidlíochta;

I. de bhrí go bhfuil Montainéagró fós ina iarrthóir ar aontachas leis an Aontas agus ina chomhghuaillí de chuid ECAT; de bhrí go bhfuil Montainéagró ailínithe go hiomlán le comhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais;

J. de bhrí gurb é an tAontas i gcónaí an comhpháirtí trádála is mó agus an soláthraí is mó infheistíochta agus cúnaimh airgeadais do Mhontainéagró trí IPA III, tríd an bPlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta do na Balcáin Thiar, tríd an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (NDICI) — an Eoraip Dhomhanda, agus trí chúnamh macra-airgeadais;

K. de bhrí go bhfuil dúshláin roimh Mhontainéagró, a eascraíonn as cur isteach eachtrach urchóideach agus as feachtais bhréagaisnéise, lena n-áirítear ón Rúis;

***Tiomantas d'aontachas leis an Aontas Eorpach***

1. ag moladh tiomantas seanbhunaithe Mhontainéagró do lánpháirtiú leis an Aontas Eorpach, a bhfuil ardleibhéal tacaíochta poiblí mar bhonn taca leis; á athdhearbhú go dtacaíonn sí le Montainéagró ina leith sin; á chur i bhfáth go bhfuil dul chun cinn agus luas foriomlán na gcaibidlíochtaí ag brath ar thagarmharcanna eatramhacha maidir leis an smacht reachta a bhaint amach; á thabhairt dá haire gur osclaíodh gach ceann de na 33 chaibidil scagtha, ach á chur in iúl gur oth léi nár dúnadh aon chaibidil le sé bliana anuas, lenar cuireadh moill ar dhul chun cinn Mhontainéagró agus lena ndearnadh difear diúltach dá teist dhearfach agus dá stádas mar an tír is forbartha de chuid na mBalcán Thiar ar a bealach i dtreo aontachas AE;

2. á athdhearbhú go bhfuil luas phróiseas an mhéadaithe nasctha i gcónaí le cumas tíortha aonair na critéir aontachais a chomhlíonadh, ach go mbraitheann sé freisin ar thiomantas na gceannairí polaitiúla i dtíortha na mBalcán Thiar agus san Aontas; á chur in iúl gur oth léi, i ndáil leis sin, aon fhaduithe nó drogall a rinne scothaicme pholaitiúil

Mhontainéagró arís agus arís eile chun dul chun cinn a dhéanamh i gcaibidlíochtaí an Aontais;

3. á chur in iúl gur oth léi gur cuireadh moill ar an dul chun cinn maidir le hathchóirithe a bhaineann leis an Aontas mar gheall ar theannas ardpholaitiúil agus polarú polaitiúil, mainneachtain comhthoil a fhorbairt maidir le hábhair a bhaineann leis an leas náisiúnta agus easpa idirphlé traspháirtí agus gur bhuail géarchéim throm pholaitiúil agus institiúideach Montainéagró dá bharr sin; á thabhairt dá haire, mar thoradh air sin, go bhfuil stop tagtha le próiseas aontachais Mhontainéagró leis an Aontas agus gur cailleadh móiminteam tábhachtach chun dul chun cinn suntasach a dhéanamh;

4. ag cur sonrú i dtorthaí na dtoghchán uachtaránachta a reáchtáladh i mí an Mhárta agus i mí Aibreáin 2023 agus na toghcháin pharlaiminteacha luatha a reáchtáladh i mí an Mheithimh 2023; á chur in iúl go gcreideann sí go láidir go bhfuil rialtas cobhsaí atá ar son na hEorpa agus tromlach atá dírithe ar an Aontas ag teastáil ó Mhontainéagró; á mholadh go mbunófaí rialtas nua, cobhsaí agus ar son na hEorpa a bheidh in ann agus toilteanach leanúint ar aghaidh ar chonair aontachais an Aontais a luaithe is féidir; á mholadh go ndíreodh an tUachtarán, an pharlaimint nua agus an rialtas ar na príomh-athchóirithe is gá chun go ndéanfaidh an tír dul chun cinn maidir le lánpháirtiú san Aontas, chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go cuí agus go tráthúil iad, chun go seachnófar polarú polaitiúil a dhoimhniú agus staonadh ó reitric agus teanga ghríosaitheach a úsáid i bpléití polaitiúla; á chur in iúl go bhfuil sí réidh chun comhoibriú leis na gníomhaithe polaitiúla uile chun tacú leis an tír a cúrsa straitéiseach a choinneáil;

5 á iarraidh go n-oibreodh údaráis uile Mhontainéagró le chéile ar mhaithe le todhchaí Eorpach na tíre, agus, ar an gcaoi sin, teachtaireacht shoiléir a chur chuig saoránaigh Mhontainéagró, agus cumarsáid shoiléir a dhéanamh maidir le dlúthchaidreamh Mhontainéagró leis an Aontas ina leith sin; á chur i bhfáth go bhfuil géarghá le cobhsaíocht pholaitiúil, tiomantas polaitiúil agus rannpháirtíocht inchreidte i bhforbairt comhdhearcaidh chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le próiseas athchóirithe marbhánta AE, go háirithe a mhéid a bhaineann le hathchóirithe práinneacha ar an smacht reachta; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé leanúint d’urraim a thabhairt do phróisis, noirm agus caighdeáin dhaonlathacha;

6. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil glactha ag Montainéagró leis an modheolaíocht athbhreithnithe um méadú agus á iarraidh go ndéanfadh Montainéagró dlús a chur lena iarrachtaí na tagarmharcanna eatramhacha atá fágtha i gCaibidlí 23 agus 24 a bhaint amach agus ina dhiaidh sin i gcaibidlí deiridh bunaithe ar dhul chun cinn intomhaiste agus ar thorthaí nithiúla;

7. á chur in iúl gur geal léi ailíniú leanúnach iomlán Mhontainéagró le comhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais, lena n-áirítear na smachtbhannaí uile a glacadh tar éis ionsaí foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus a tacaíocht d’ord riailbhunaithe idirnáisiúnta ar leibhéal na Náisiún Aontaithe; ag spreagadh an rialtas, a bheidh ann amach anseo, a bheith tiomanta i ndáil leis sin;

8. ag moladh thacaíocht ábhartha agus dhaonnúil Mhontainéagró don Úcráin, ar fiú níos mó ná EUR 10 milliún í, chomh maith leis an sásra cosanta sealadach, lena dtugtar an

ceart do dhaoine atá ag teitheadh ón Úcráin fanacht i Montainéagró ar feadh bliana;  á mheabhrú go bhfuil Montainéagró ar cheann de thíortha na mBalcán Thiar a bhfuil an líon is airde de náisiúnaigh na hÚcráine á n-óstáil acu; á chur in iúl gur cúis bhuartha di, áfach, go bhfuil líon méadaitheach saoránach Rúiseach, lena n-áirítear olagarcaí, ag dul chun cónaithe i Montainéagró;  ag tathant ar údaráis Mhontainéagró a áirithiú nach mbeidh an tír ina mol d'eintitis agus do dhaoine aonair ar mian leo dul timpeall ar smachtbhannaí;

9. á chur in iúl gur geal léi rannpháirtíocht ghníomhach Mhontainéagró i misin agus oibríochtaí chomhbheartas slándála agus cosanta AE, amhail Oibríocht Atalanta Fhórsa Cabhlaigh an Aontais Eorpaigh, agus in ECAT agus i misin idirnáisiúnta agus iltaobhacha eile;  ag aithint chomhghuaillíocht straitéiseach Mhontainéagró leis an Aontas agus ag cáineadh aon iarrachtaí ó údaráis inniúla a bhallraíocht in ECAT a cheistiú;

10. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di i gcónaí cur isteach eachtrach urchóideach, iarrachtaí díchobhsaithe, bagairtí hibrideacha agus feachtais bhréagaisnéise ag gníomhaithe eachtracha i Montainéagró a chuireann an tAontas i láthair mar chomhpháirtí neamhiontaofa agus neamhbhainteach agus a bhaineann an bonn de dhul chun cinn Mhontainéagró ar a chonair Eorpach, go háirithe iad siúd a thagann ón Rúis, ón tSín agus ón tSeirbia; ag cáineadh iarrachtaí na Rúise dúshaothrú a dhéanamh ar theannais eitneacha i Montainéagró, chun coinbhleacht a ghríosú, pobail a roinnt agus faisnéis mheabhlach a scaipeadh, d'fhonn réigiún iomlán na mBalcán Thiar a dhíchobhsú;  á thabhairt dá haire gur féidir institiúidí reiligiúnacha a úsáid mar uirlis chun tionchar seachtrach a imirt agus ag cáineadh go láidir aon chur isteach míchuí ó Eaglais Cheartchreidmheach na Seirbia ina leith sin, lena n-áirítear a hiarrachtaí bréagaisnéis na Rúise a chur chun cinn;

11. á iarraidh go ndéanfadh Montainéagró iarrachtaí córasacha suntasacha chun monarchana bréagaisnéise a shainaithint agus a dhíchóimeáil agus á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá saoirse agus neamhspleáchas na meán, tuairisciú ardcháilíochta agus feabhas a chur ar litearthacht sna meáin mar rud atá ríthábhachtach chun an bhréagaisnéis a chomhrac;  ag cáineadh chibirionsaí mhí Lúnasa 2022 nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo i gcoinne bhonneagar digiteach Mhontainéagró, chomh maith leis na hionsaithe a rinneadh roimhe seo mar fhreagairt ar aontachas Mhontainéagró le ECAT in 2017;  ag tathant ar Mhontainéagró a athléimneacht a fheabhsú go gníomhach i ndáil leis sin i ndlúthchomhar leis an Aontas, lena n-áirítear trí uirlisí cibearshlándála arna maoiniú ag an Aontas, amhail an tionscadal Mearfhreagartha Cibearshlándála don Albáin, do Mhontainéagró agus don Mhacadóin Thuaidh, agus le ECAT;  á chur in iúl gur geal léi gur spéis le Montainéagró comhoibriú leis an AOntas Eorpach tríd an bPlean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach;   á iarraidh go nglacfar go práinneach an straitéis maidir le bagairtí hibrideacha a chomhrac agus an plean gníomhaíochta ábhartha, i gcomhréir le doiciméid straitéiseacha an Aontais, lena n-áirítear Beartas Cibearchosanta 2022 an Aontais; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún cúnamh teicniúil agus airgeadais a chur ar fáil ina leith sin;

12. á iarraidh go ndéanfadh Coimisiún, an Seirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus Toscaireacht an Aontais chuig Montainéagró dlús a chur lena n-iarrachtaí infheictheacht an Aontais sa tír a fheabhsú agus feachtas cumarsáide gníomhach agus éifeachtach a

shaothrú maidir leis an tábhacht agus na tairbhí a bhaineann le dlúth-chomhpháirtíocht idir Montainéagró agus an Aontas Eorpach, lena n-áirítear tionscadail arna maoiniú ag an Aontas agus todhchaí Eorpach Mhontainéagró; á iarraidh go ndéanfaí faireachán StratCom a leathnú chun díriú ar bhagairtí bréagaisnéise trasteorann i dtíortha na mBalcán Thiar agus a gcomharsana; ag cur béim ar an mbreisluach a bhaineann le teagmháil a dhéanamh le saineolas áitiúil agus réigiúnach ón earnáil phríobháideach agus ón tsochaí shibhialta chun freagairtí fianaise-bhunaithe a tháirgeadh sa chomhrac i gcoinne na bréagaisnéise agus chun forbairtí trioblóideacha a shainaithint ag céim luath;

13. á chur i bhfios go láidir gur gá urraim iomlán a thabhairt don Chód Iompair do Chomhaltaí an Choimisiúin agus d'oibleagáidí an Choimisiúin faoi na Conarthaí;

14. ag spreagadh Mhontainéagró dul i mbun comhar parlaiminteach an athuair tríd an gCoiste Parlaiminteach Cobhsaíochta agus Comhlachais (SAPC); á chur in iúl gur oth léi gur cuireadh cruinniú SAPC AE-Montainéagró ar ceal i mí na Nollag 2022 toisc nár lean Montainéagró tuairim Choimisiún na Veinéise maidir le glacadh conspóideach an Dlí maidir le leasuithe ar an Dlí maidir leis an Uachtarán;

*An daonlathas agus an smacht reachta*

15. á chur in iúl gur oth léi gur ghlac Parlaimint Mhontainéagró an Dlí conspóideach maidir le leasuithe ar an Dlí maidir leis an Uachtarán i mí na Nollag 2022, lenar cuireadh in aghaidh na hurraime don bhunreachtúlacht agus don smacht reachta go díreach, in ainneoin na tuairime práinní ó Choimisiún na Veinéise agus iarrataí an Aontais i gcoinne a ghlactha; á chur in iúl gur geal léi gur sheol an Chúirt Bhunreachtúil an nós imeachta chun athbhreithniú a dhéanamh ar bhunreachtúlacht an dlí agus ar an gcinneadh d'aon toil a rinne sí le déanaí an dlí a chur ar ceal; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé cloí le moltaí Choimisiún na Veinéise maidir le hábhair a bhaineann le forálacha dlíthiúla agus leis an smacht reachta foriomlán sa tír;

16. á chur in iúl gur oth léi an polarú domhain, an easpa idirphlé, an mhímhuinín agus na baghcait pholaitiúla i bParlaimint Mhontainéagró a chuir isteach go mór ar an bpróiseas reachtach; á iarraidh go ndéanfadh na brainsí reachtacha agus feidhmiúcháin comhar dílis a neartú, lena n-áirítear maidir leis an bpróiseas aontachais; á iarraidh go neartófaí an feidhmiú agus an comhordú idir institiúidí stáit chun cobhsaíocht pholaitiúil agus dul chun cinn suntasach a bhaint amach maidir le príomh-athchóirithe a bhaineann leis an Aontas, go háirithe athchóirithe toghcháin agus breithiúnacha agus an comhrac i gcoinne na coireachta eagraithe agus an éillithe;

17. ag tathant ar údaráis Mhontainéagró na bearta is gá a chur chun feidhme agus a ghlacadh chun neamhspleáchas, sláine, éifeachtúlacht, cuntasacht agus gairmiúlacht na mbreithiúna a neartú agus chun aon chur isteach polaitiúil ar an gcóras breithiúnach a chomhrac, i gcomhréir le prionsabail an smachta reachta agus le caighdeáin dhaonlathacha;

18. á chur in iúl gur geal léi ceapachán triúr breithiúna nua sa Chúirt Bhunreachtúil mar chéim chun an ghéarchéim bhunreachtúil a réiteach; á chur in iúl gur oth léi gur fágadh an Chúirt Bhunreachtúil gan chóram ó mhí Mheán Fómhair 2022; á iarraidh go ndéanfadh an parlaimint nua bailchríoch a chur ar cheapacháin bhreithiúnacha mar ábhar fíorthosaíochta, go háirithe an tIonchúisitheoir Uachtarach Stáit, mar a mhol an

Chomhairle Ionchúisitheora i mí na Bealtaine 2023, agus triúr comhaltaí den Chomhairle Bhreithiúnach;

19. á chur in iúl gur oth léi an easpa dul chun cinn atá déanta maidir leis an athchóiriú ar an gcreat toghchánach, dlíthiúil agus institiúideach, ina bhfuil bearnaí agus débhríochtaí fós a bhaineann an bonn óna éifeachtacht agus nach mór aghaidh a thabhairt orthu, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do thrédhearcacht i maoiniú páirtithe polaitiúla agus a bhfeachtais toghcháin, mí-úsáid cistí stáit, an buntáiste institiúideach a úsáideann páirtithe rialaithe le haghaidh gnóthachain pholaitiúla agus ábhair imní faoi chruinneas chlárlann na vótálaithe; á iarraidh go gcuirfear chun feidhme na moltaí atá fós gan réiteach ag Oifig na nInstitiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine de chuid na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip, lena n-áirítear agus é mar aidhm aici an reachtaíocht toghcháin ina hiomláine a athchóiriú i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha; ag tabhairt dá haire an obair a thosaigh an Coimisiún um Thoghcháin Stáit (SEC) chun a thrédhearcacht a mhéadú agus chun moltaí a chur chun feidhme; á mholadh go ndéanfadh na húdaráis sláine, neamhchlaontacht agus cuntasacht SEC a neartú tuilleadh chun muinín an phobail a fheabhsú; ag tathant ar Mhontainéagró a áirithiú go ndéanfar obair leantach pholaitiúil agus bhreithiúnach inchreidte, neamhspleách agus éifeachtach ar chás 'clúdaigh' na calaoise toghcháin líomhnaithe;

20. ag athdhearbhú a hiarrata go dtionólfaí toghcháin ar an leibhéal áitiúil an lá céanna; á chur in iúl gur geal léi gur ritheadh toghcháin i 14 bhardas an lá céanna i mí Dheireadh Fómhair 2022; á thabhairt dá haire, áfach, gur mheas Cúirt Bhunreachtúil Mhontainéagró go raibh leasuithe ar an Dlí maidir le Féin-Rialtas míbhunreachtúil; á iarraidh go mbeadh creat reachtach láidir ann i ndáil leis sin agus béim ar leith á leagan ar chothromaíocht inscne a bhaint amach i measc na n-ionadaithe tofa, eadhon trí ionadaíocht chomhionann d'iarrthóirí baineanna ar liostaí toghcháin agus trí na rialacha inmheánacha atá ann faoi láthair a fheabhsú agus a fhorfheidhmiú i ndáil leis sin;

21. á thabhairt dá haire go raibh toghcháin uachtaránachta agus pharlaiminteacha 2023 iomaíoch agus dea-bhainistithe ar an iomlán, agus go raibh na hiarrthóirí in ann dul i mbun feachtais gan bhac agus gur bhain siad tairbhe as comhdheiseanna chun teagmháil a dhéanamh le vótálaithe; á chur in iúl gur oth léi, áfach, nach raibh clárú na n-iarrthóirí cuimsitheach agus nach dtugtar aghaidh ar easnaimh sheanbhunaithe sa chreat dlíthiúil agus i rialacháin airgeadais feachtais; á chur in iúl gur cúis bhuartha di leochaileacht na meán i leith tionchair inmheánacha agus sheachtracha maidir le cumhdach feachtais agus líomhaintí maidir le mí-úsáid acmhainní stáit sa tréimhse réamhthoghcháin; ag cur sonrú sa ráta vótála is ísle riamh de 56.4 % sna toghcháin pharlaiminteacha;

22. ag tathant ar Mhontainéagró freagairt ceartais choiriúil inchreidte agus éifeachtach ar an éilliú a chur ar bun; á thabhairt dá haire go bhfuil feabhas tagtha ar chosc an éillithe agus an treocht dhearfach in obair na Gníomhaireachta um Éilliú a Chosc, agus ag spreagadh sláine, neamhchlaontacht agus cuntasacht na Gníomhaireachta a neartú tuilleadh chun a feidhmíocht agus muinín an phobail a fheabhsú; á iarraidh go ndéanfadh na húdaráis straitéis náisiúnta chomhordaithe a ghlacadh go pras don chomhrac i gcoinne an éillithe ardleibhéil agus na coireachta eagraithe i gcomhréir le moltaí ón nGrúpa Stát i gcoinne an Éillithe agus le caighdeáin an Aontais agus cur chuige comhtháite a chothú maidir le héilliú a chosc agus a chur faoi chois; á iarraidh go ndéanfadh na húdaráis saibhriú aindleathach a choiriúlú;

23. á thabhairt dá haire, agus é ina chúis mhór imní di, go ndearna eagraíochtaí coireachta eagraithe Mhontainéagró ar a dtugtar 'clans' gníomhaíochtaí coiriúla tromchúiseacha intíre agus idirnáisiúnta agus á iarraidh go ndéanfar imscrúdú iomlán ar an nasc líomhnaithe atá acu leis an mbunaíocht pholaitiúil sa tír;

24. á thabhairt dá haire go bhfuil iarrachtaí á ndéanamh sa chomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe trí athruithe reachtacha agus trí dhaoine tábhachtacha a ghabháil; ag tabhairt dá haire go bhfuil cúisimh thromchúiseacha á dtabhairt i gcoinne mórfhigiúirí sa chóras breithiúnach; á thabhairt dá haire go bhfuil méadú ag teacht ar líon na gciontuithe deiridh, ach á chur in iúl gur cúis imní di i gcónaí na trialacha fada agus na himeachtaí a chuirtear ar atráth go minic; á iarraidh go ndéanfadh údaráis Mhontainéagró imscrúduithe coiriúla a neartú, líon na saineolaithe sa réimse sin a mhéadú, comhar agus faireachán feabhsaithe sa chóras ceartais choiriúil a áirithiú agus fíoraisc a thabhairt go pras, agus an ceart chun triail chothrom, neamhspleách agus neamhchlaonta á urramú agus cearta an chúisí á choimirciú; á iarraidh go ndéanfaí ailíniú breise le *acquis* an Aontais maidir le coigistiú sócmhainní;

25. á chur in iúl gur geal léi na hiarrachtaí dearfacha a rinneadh i réimse na trádála aindleathaí, eadhon smuigléireacht toitíní; á thabhairt dá haire gur fhógair an rialtas bearta nua i mí Iúil 2022 lena dtoirmisctear tobac a stóráil in Bar; á athdhearbhú a thábhachtaí atá bearta breise chun dul i ngleic le smuigléireacht toitíní sa tír, go háirithe i saorchrios Chalafort Bar;

26. ag tathant ar Mhontainéagró straitéis chuimsitheach a fhorbairt chun gáinneáil ar dhaoine a chomhrac agus íospartaigh a chosaint agus dlúthchomhar le comhpháirtithe réigiúnacha agus idirnáisiúnta a áirithiú; á chur in iúl gur geal léi an comhar leanúnach idir Montainéagró agus gníomhaireachtaí an Aontais amhail Europol agus Eurojust agus á thabhairt dá haire a thábhachtaí atá an comhar sin chun cabhrú le Montainéagró dul i ngleic leis an gcoireacht trasteorann, lena n-áirítear gáinneáil ar airm, ar dhrugaí agus ar dhaoine, agus maidir leis an sceimhlitheoireacht agus an t-antoisceachas a chomhrac;

27. á chur in iúl gur geal léi gur glacadh straitéis nua 2022-2026 maidir le hathchóiriú an riaracháin phoiblí, ach á chur in iúl gur oth léi an easpa dul chun cinn atá déanta maidir lena cur chun feidhme; á chur in iúl gur cúis bhuartha di fós na ceanglais íslithe maidir le hearcaíocht, inniúlacht agus neamhspleáchas státseirbhíseach atá bunaithe ar fhiúntas agus cailliúint foirne a bhfuil eolas acu ar phróiseas aontachais an Aontais; ag tathant ar Mhontainéagró aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na heasnaimh sin, an riarachán stáit a bharrfheabhsú, cuntasacht bhainistíochta a chur chun feidhme agus trédhearcacht a áirithiú; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá earcaíocht ar gach leibhéal den riarachán poiblí bunaithe ar phrionsabail an fhiúntais, na hinniúlachta, chomh maith le dípholaitiú na seirbhíse poiblí; á chur in iúl gur cúis bhuartha di fós cásanna mí-úsáide oifige;

28. á chur in iúl gur geal léi an dara Tionól Saoránach i Montainéagró agus an chuairt leantach a thug na rannpháirtithe ar Pharlaimint na hEorpa;

***Saoirsí bunúsacha agus cearta an duine***

29. á iarraidh go ndéanfadh Montainéagró dlús a chur lena iarrachtaí fuathchaint, ciapadh ar líne, a dhéanann difear díréireach do chosantóirí chearta an duine agus do mhná, agus tuairisciú atá claonta go polaitiúil agus tionchar eachtrach i meáin Mhontainéagró a chomhrac; ag tathant ar pholaiteoirí agus ar dhaoine poiblí aon teachtaireacht atá dírithe ar dheighilt a dhéanamh ar an tsochaí agus ar mhuinín na meán agus noirm dhaonlathacha bhunúsacha a shéanadh go láidir; á mheabhrú gur ábhar mór imní iad teagmhais fuathchainte i gcoinne mionlaigh eitneacha agus gnéis, amhail teagmhais i gcoinne daoine LGBTIQ+; á thabhairt dá haire freisin gur mall é an dul chun cinn atá déanta maidir leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh;

30. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an polarú polaitiúil domhain i dtimpeallacht na meán, easpa neamhspleáchais an chraoltóra phoiblí (Raidió agus Teilifís Mhontainéagró — RTCG) agus, go háirithe, líon méadaitheach na bhfeachtas bréagaisnéise eachtracha agus intíre a mbíonn tionchar diúltach acu ar phróisis dhaonlathacha; á thabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil brú á chur ar mhargadh áitiúil na meán trí iomaíocht réigiúnach sna meáin a leathnú; ag cur béim ar an ngá atá le neamhspleáchas agus saoirse na meán mar phríomhghnéithe de dhaonlathas láidir; á iarraidh ar chomhlachtaí rialála na meán agus ar na geallsealbhóirí uile tacú le tionscnaimh lena spreagtar agus lena gcothaítear tuairisciú cothrom agus neamhchlaonta agus ionadaíocht ar dhearcthaí éagsúla, chomh maith le hiriseoireacht iniúchach, chun tionchar an pholaraithe pholaitiúil a mhaolú;

31. ag cur sonrú i bhforbairt Straitéis Forbartha agus Straitéis um Chlaochlú Digiteach RTCG don tréimhse 2023-2027, lena n-aithnítear ról RTCG mar phríomhfhoinse faisnéise; á iarraidh go ndéanfadh na húdaráis uile staonadh ó aon ghníomhaíocht riaracháin, reachtach nó pholaitiúil a dhéanamh a chuirfeadh neamhspleáchas eagarthóireachta, institiúideach nó airgeadais an chraoltóra phoiblí i mbaol; á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur toghadh ard-stiúrthóir RTCG de shárú ar chinneadh críochnaitheach cúirte;

32. á aithint go ndearnadh iarrachtaí chun Straitéis na Meán i Montainéagró 2022-2026 a thabhairt chun críche agus á áitiú go n-áireofar na meáin agus an tsochaí shibhialta san athbhreithniú ar reachtaíocht na meán, i gcomhréir le caighdeáin an Aontais; ag tathant ar Mhontainéagró sraith nua dlíthe meán a ghlacadh ar deireadh, eadhon dlí maidir leis na meáin, dlí maidir leis na meáin phoiblí agus dlí maidir le seirbhísí meán closamhairc;

33. á chur in iúl gur geal léi roinnt céimeanna dearfacha, amhail pionóis níos déine a thabhairt isteach i leith ionsaithe agus bagairtí i gcoinne iriseoirí, agus bunú an choimisiúin ad hoc chun faireachán a dhéanamh ar fhoréigean in aghaidh na meán agus á iarraidh go ndéanfar a shainordú a athnuachan go práinneach; á athdhearbhú, áfach, gur gá a thorthaí agus a mholtaí a chur chun feidhme go héifeachtach; á iarraidh go mbeadh níos mó trédhearcachta ann maidir le comhaid rúnaicmithe a bhaineann le hionsaithe i gcoinne iriseoirí ban; ag tathant ar Mhontainéagró éifeachtacht na freagartha dlíthiúla ar bhagairtí agus ar fhoréigean i gcoinne iriseoirí agus gairmithe eile sna meáin, lena n-áirítear cásanna roimhe seo, a mhéadú agus ag tathant ar na húdaráis staonadh ó aon ionsaithe ó bhéal nó ó aon bhrú polaitiúil míchuí ar na meáin neamhspleácha agus ar iriseoirí neamhspleácha; ag cur béim ar an ngá atá ann athbhreithniú a dhéanamh ar an imscrúdú ar dhúnmharú an iriseora Duško Jovanović

agus dul i dteagmháil le saineolaithe eachtracha chun imscrúdú iomlán agus éifeachtach a áirithiú;

34. ag tathant ar Mhontainéagró an daonáireamh agus an t-áireamh tithíochta atá thar téarma a dhéanamh faoi dheireadh na bliana seo i gcomhréir le caighdeáin AE agus idirnáisiúnta; ag dréim leis go ndéanfar é sin ar bhealach oscailte agus trédhearcach gan aon chur isteach polaitiúil, agus go ndéanfar na mionlaigh náisiúnta aitheanta uile a áireamh go cuí gan eagla roimh imeaglú nó ionchúiseamh;

35. á chur in iúl gur geal léi féiniúlacht il-eitneach na tíre agus á iarraidh go ndéanfar teangacha, oidhreacht chultúrtha agus traidisiúin uile na bpobal áitiúil agus na mionlach náisiúnta a chur chun cinn agus a urramú tuilleadh; á chur in iúl gur oth léi go bhfuil polarú agus deighiltí sochaíocha treisithe; ag cur béim ar an ngá atá le cearta na mionlach náisiúnta uile a chosaint, lena n-áirítear a gcearta polaitiúla, sóisialta agus eacnamaíocha, agus ag tathant go ndéanfaí creataí institiúideacha agus dlíthiúla a neartú, a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme ina leith sin, lena n-áirítear dlí nua frith-idirdhealaithe; á iarraidh go rachadh na húdaráis i ngleic leis an idirdhealú trasnach a mbíonn ar mhionlaigh aghaidh a thabhairt air trí chur chuige institiúideach córasach agus éifeachtach;

36. á iarraidh go ndéanfadh Montainéagró dlús a chur leis na hiarrachtaí chun a áirithiú go mbainfear úsáid neamh-idirdhealaitheach as teangacha mionlaigh san oideachas agus i spás tiomnaithe meán in asraonta stáit agus áitiúla; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá ionadaíocht chomhionann ar mhionlaigh náisiúnta sna meáin, sna breithiúna, i bhforfheidhmiú an dlí agus in institiúidí poiblí; ag cur béim ar an ngá atá le cearta polaitiúla uile na mionlach náisiúnta a chosaint;

37. á chur in iúl gur oth léi go bhfuil na grúpaí is leochailí sa tsochaí, lena n-áirítear Romaigh agus Éigiptigh, daoine faoi mhíchumas agus daoine LGBTIQ+ faoi réir idirdhealú, fuathchaint agus coireanna fuatha; á iarraidh go ndéanfadh Montainéagró bearta i gcoinne na fuathchainte, an eisiaimh shóisialta agus an idirdhealaithe a neartú agus feabhas a chur ar rochtain grúpaí leochaileacha ar cheartas, ar fhostaíocht, ar thithíocht agus ar chúram sláinte; á mheabhrú gur gá straitéis 2021-2025 chun na Romaigh agus na hÉigiptigh a chuimsiú a chur chun feidhme go hiomlán agus go héifeachtach; á chur in iúl gur saoth léi an foréigean agus an fhuathchaint atá ag dul i méid i leith daoine LGBTIQ+ agus á iarraidh go ndéanfadh Montainéagró reachtaíocht ábhartha a ghlacadh chun a gcearta a chosaint go hiomlán, lena n-áirítear cur chun feidhme iomlán an Dlí maidir leis an aontas chomhghnéis;

38. á chur i bhfios go láidir féiniúlacht il-eitneach Chuan Kotor; á chur i bhfáth go bhfuil peirspictíocht Eorpach Mhontainéagró fite fuaite le cosaint mionlach agus a n-oidhreachta cultúrtha; á iarraidh go ndéanfadh údaráis Mhontainéagró nádúr il-eitneach an stáit a chothú, lena n-áirítear traidisiúin agus oidhreacht chultúrtha phobal na Cróite i gCuan Kotor; á chur in iúl gur geal léi toghadh ionadaí mionlaigh na Cróite chuig Parlaimint Mhontainéagró sna toghcháin dheireanacha;

39. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an méadú atá tagtha ar fheimeamharuithe, fuath ban a léirítear go hoscailte, an foréigean inscnebhunaithe agus an foréigean in aghaidh leanaí; á chur in iúl gur cúis bhuartha di fós an gnéasachas atá dírithe ar mhná sa pholaitíocht

agus sa saol poiblí agus á chur in iúl gur oth léi go rannchuidíonn foréigean in aghaidh na mban le cosc a chur ar mhná a bheith rannpháirteach sa saol polaitiúil; á chur in iúl gur cúis bhuartha di an laghdú atá ag teacht ar líon na mban i measc Fheisirí na Parlaiminte;

40. ag tathant ar Mhontainéagró caighdeáin Choinbhinsiún Iostanbúl a chur chun feidhme, feachtais feasachta poiblí a sheoladh agus a áirithiú go ndéanfar coireanna den sórt sin a imscrúdú go cuí agus go ndéanfar déantóirí na gcoireanna sin a ionchúiseamh; á iarraidh go ndéanfadh Montainéagró gach cineál idirdhealaithe a dhíothú, aghaidh a thabhairt ar iompraíochtaí idirdhealaitheacha sochaíocha atá fréamhaithe go domhain, rochtain ar cheartas a fheabhsú agus obair leantach agus forfheidhmiú níos fearr ar chearta in imeachtaí maidir le foréigean teaghlaigh a áirithiú, chomh maith le cosc agus cosaint fheabhsaithe ar fhoréigean teaghlaigh agus ar chórais tacaíochta d'íospartaigh; á iarraidh go ndéanfadh Montainéagró sásraí faireacháin rialta a bhunú chun maoirseacht a dhéanamh ar éifeachtacht na gcóras ceartais teaghlaigh d'íospartaigh fhoréigean baile agus sásraí faireacháin a thabhairt isteach chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na mbeartas agus na nósanna imeachta a bhaineann le ceartas teaghlaigh ar ghrúpaí ban imeallaithe;

41. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an easpa dul chun cinn atá déanta agus an choinbhleacht leasa i bpróiseas dréachtaithe leasuithe ar an Dlí maidir le Cosaint ar Fhoréigean Baile; á thabhairt dá haire gur tharmlig Oifig Ionchúisimh an Stáit an tIonchúisitheoir Stáit, a bhfuil amhras ann go ndearna sé foréigean teaghlaigh, chuig meitheal na hAireachta Dlí agus Cirt chun leasuithe ar an dlí a dhréachtú;

42. á chur in iúl gur oth léi leitheadúlacht leanúnach an idirdhealaithe in aghaidh daoine faoi mhíchumas; á chur in iúl gur geal léi an neamhréireacht idir dlíthe náisiúnta agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas; á iarraidh go ndéanfar straitéisí a chur chun feidhme go héifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí maidir le seasamh le cearta daoine faoi mhíchumas ar fud earnálacha agus beartas, lena n-áirítear cúram sláinte, margadh an tsaothair agus in imeachtaí riaracháin agus breithiúnacha; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil athchóiriú ar an gCóras Náisiúnta Cinntithe Míchumais ar siúl; á chur i bhfáth go bhfuil géarghá le straitéis dí-institiúidithe;

43. á thabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur síníodh an Comhaontú Bunúsach le heaglais Cheartchreidmheach na Seirbia i measc cáineadh ón tsochaí shibhialta agus easaontais pholaitiúla maidir leis an easpa comhairliúchán cuimsitheach agus trédhearcacht; á chur in iúl gur cúis bhuartha di na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag an Eaglais Cheartchreidmheach i dtíortha amhail an tSeirbia agus Montainéagró an Rúis a chur chun cinn mar chosantóir ar luachanna teaghlaigh traidisiúnta mar a thugtar orthu agus an caidreamh idir an stát agus an eaglais a dhaingniú;

44. á chur i bhfios go láidir an ról lárnach atá ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta i ndaonlathais fheidhmiúla; á iarraidh go ndéanfadh údaráis Mhontainéagró ról níos fearr a thabhairt don tsochaí shibhialta, in éineacht le saineolaithe neamhspleácha agus geallsealbhóirí áitiúla, maidir le príomhreachtaíocht a fhorbairt, go háirithe athchóirithe a bhaineann le clár oibre athchóirithe AE agus leis an bpróiseas aontachais i gcoitinne, trí shásraí comhair agus comhairliúcháin idir comhlachtaí stáit agus eagraíochtaí na

sochaí sibhialta (ESSanna) a neartú; á thabhairt dá haire gur bunaíodh rialacha cistiúcháin do ESSanna, ach nach bhfuil ach líon teoranta aireachtaí tar éis glaonna a sheoladh chun deontais a dhámhachtain do na heagraíochtaí sin; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gníomhaíochtaí míchuí ó roinnt ESSanna; á iarraidh go ndéanfadh údaráis Mhontainéagró a áirithiú go bhfeidhmeoidh ESSanna i gcomhréir le caighdeáin dhaonlathacha agus le luachanna AE; á thabhairt dá haire, sa chomhthéacs sin, go gcuirfeadh trédhearcacht iomlán maidir le cistiú ESSanna go mór le trédhearcacht níos fearr a áirithiú; á chur in iúl gur saoth léi na hionsaithe ó bhéal a rinne oifigigh stáit i gcoinne ESSanna;

45. á iarraidh go ndéanfadh Montainéagró na moltaí ón Athbhreithniú Tréimhsiúil Uilechoiteann, ón gCoiste in aghaidh Céastóireachta agus ón gCoiste Eorpach um Chéastóireacht agus Íde nó Pionós atá Mídhaonna nó Táireach a Chosc a chur chun feidhme go práinneach agus go hiomlán d’fhonn dul i ngleic leis an aeráid a bhaineann le saoirse ó phionós sa tír; ag tathant ar Mhontainéagró, sa chomhthéacs sin, toirmeasc a chur ar reacht na dteorainneacha le haghaidh cionta coiriúla na céastóireachta agus cineálacha eile drochíde agus an sainmhíniú ar chéastóireacht a leasú i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne na Céastóireachta; á iarraidh go ndéanfadh na húdaráis imscrúduithe prasa agus éifeachtacha a áirithiú ar chásanna d’fhoréigean póilíneachta agus de chéasadh i gcoinne daoine atá á gcoinneáil agus a áirithiú go dtabharfar déantóirí na coire os comhair na cúirte; á iarraidh go gcuirfí déantóirí na céastóireachta ar fionraí láithreach ó dhleacht go dtí go ndéanfar imscrúdú agus go bhfaighidh siad pionóis atá i gcomhréir le tromchúis a ngníomhaíochtaí má fhaightear ciontach iad;

46. á aithint gur síníodh comhaontú uasghrádaithe idir an tAontas agus Montainéagró maidir le comhar oibríochtúil i mbainistiú teorainneacha leis an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex), a tháinig i bhfeidhm go sealadach an 1 Iúil 2023; ag spreagadh tuilleadh comhair idir Montainéagró agus Frontex chun bainistiú teorainneacha a neartú, chun tacú le nósanna imeachta tearmainn, chun smuigleáil a chomhrac agus chun athligean isteach a fheabhsú;

***Athmhuintearas, comhar réigiúnach agus dea-chaidreamh comharsanachta***

47. ag cur sonrú i rannpháirtíocht ghníomhach Mhontainéagró sa chomhar réigiúnach agus ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar dhúshláin choiteanna, dea-chaidreamh comharsanachta a chur chun cinn agus cobhsaíocht agus forbairt réigiúnach a chur chun cinn; ag moladh Mhontainéagró as urraim a thabhairt do chearta mionlaigh agus as ról dearfach a ghlacadh i gcaidreamh réigiúnach agus ag spreagadh dlús a chur lena iarrachtaí athmhuintearais agus réitigh a lorg ar dhíospóidí roimhe seo;

48. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá an comhar eacnamaíoch cuimsitheach, ar cheart go mbeadh sé inghlactha ag gach ceann de shé thír na mBalcán Thiar, lena mbunaítear comhar i gcás ina bhfuil siad uile ar comhchéim agus lena gcothaítear cloí níos doimhne le noirm an Aontais agus leis an *acquis*; á mheabhrú, i ndáil leis an méid sin, go raibh drogall uirthi maidir le tionscnamh na mBalcán Oscailte agus ag cur sonrú i rannpháirtíocht Mhontainéagró i gcruinnithe mullaigh mhí an Mheithimh agus mhí Mheán Fómhair mar bhreathnóir;

49. á chur in iúl gur geal léi na comhaontuithe a rinneadh le déanaí i gcomhthéacs Phróiseas Bheirlín maidir le saorghluaiseacht le cártaí aitheantais, maidir le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí ardoideachais agus maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint do dhochtúirí leighis, fiaclóirí agus ailtirí; á iarraidh go ndéanfar iad a ghlacadh agus a chur chun feidhme go pras agus ag moladh a ndaingnithe ag Rialtas Mhontainéagró; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé leas iomlán a bhaint as na tionscnaimh réigiúnacha agus idir-rialtasacha uile atá i bhfeidhm cheana, go háirithe an Tionscnamh Aidriadach Iónach, an Tionscnamh Lár-Eorpach, Straitéis AE don Réigiún Aidriadach-Iónach agus Próiseas Bheirlín, agus a thábhachtaí atá sé sineirgí a chruthú eatarthu;

50. ag tathant ar Mhontainéagró dlús a chur leis na hiarrachtaí chun coireanna cogaidh agus a nglóiriú a shainaithint, a ionchúiseamh agus a phionósú agus cinniúint na ndaoine atá ar iarraidh á soiléiriú ag an am céanna; á iarraidh go ndéanfadh Montainéagró imscrúdú réamhghníomhach ar gach líomhain maidir le coireacht chogaidh agus saincheisteanna freagrachta ceannais, cabhrú agus neartú a ardú; á iarraidh, sa chomhthéacs sin, go mbeadh comhar réigiúnach éifeachtach ann maidir le daoine a dhíotáiltear as coireanna cogaidh a imscrúdú agus a ionchúiseamh; ag moladh chomhar leanúnach Mhontainéagró faoi phróiseas Dhearbhú Sairéavó; ag tathant ar na húdaráis athbhreithniú a dhéanamh ar sheanchásanna nár ionchúisíodh i gcomhréir leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta nó leis an dlí baile agus a áirithiú go bhfaighidh gach íospartach agus a mbaill teaghlaigh sásamh agus/nó cúiteamh riaracháin as a bhfulaingt; á chur in iúl gur oth léi go bhfuil go leor dúshlán fós ann maidir lena lánpháirtiú eacnamaíoch agus sóisialta agus lena bhfolláine;

51. á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur ghlac Parlaimint Mhontainéagró, a díscaoileadh, an Dlí maidir le hIarbhaill agus Cosaint Míchumais, lena bhforordaítear go roghnach an chatagóir 'íospartaigh shibhialta cogaidh' agus a gceart chun cúitimh airgeadaíochta, in ainneoin nár tháinig an dlí sin i bhfeidhm go fóill;

52. á iarraidh go ndéanfadh Montainéagró forálacha maidir le comharbas chuig iar-Phoblacht Chónaidhmitheach Shóisialta na hIúgslaive a chomhlíonadh, go háirithe maidir le sócmhainní míleata;

53. á iarraidh go ndéanfadh Montainéagró agus a chomharsana bearta nithiúla chun díospóidí déthaobhacha seanbhunaithe a réiteach ar bhealach cuiditheach agus comharsanachta, lena n-áirítear na saincheisteanna maidir le críochú teorann gan réiteach leis an tSeirbia agus leis an gCróit, a luaithe is féidir le linn an phróisis aontachais; ag spreagadh tionscnaimh trasteorann a chur chun cinn, lena n-áirítear Clár Comhair Trasteorann arna chómhaoiniú ag an Aontas idir an tSeirbia agus Montainéagró;

54. á iarraidh an athuair go n-osclófaí na cartlanna a bhaineann le hiarphoblachtaí na hIúgslaive agus go ndeonófaí rochtain ar chomhaid Sheirbhís Rúnda na hIar-Iúgslaive agus Sheirbhís Rúnda Airm Phobal na hIúgslaive chun taighde críochnúil a dhéanamh ar choireanna ón ré cumannach agus chun aghaidh a thabhairt orthu;

***Athchóirithe socheacnamaíocha***

55. á thabhairt dá haire go dearfach gur tuairiscíodh barrachas buiséid don chéad ráithe de 2023 agus fás eacnamaíoch atá réamh-mheasta in 2024; á chur in iúl gur geal léi maolú an ráta boilscithe, ach á thabhairt dá haire go bhfuil sé fós ar cheann de na rátaí is airde san Eoraip;

56. ag spreagadh Mhontainéagró chun a straitéis fáis eacnamaíoch a choigeartú chun borradh a chur faoin táirgiúlacht agus faoin gcaipiteal daonna agus chun dlús a chur lena chóineasú leis an Aontas mar a mhol an Banc Domhanda agus chun tairbhe do gach cuid den tsochaí, lena n-áirítear grúpaí imeallaithe agus grúpaí leochaileacha; á athdhearbhú go bhfuil gá le hinfheistíocht phoiblí mhéadaithe sa chóras oideachais le haghaidh forbairt shóisialta agus eacnamaíoch inbhuanaithe;

57. á thabhairt dá haire go bhfuil laghdú tagtha ar fhiachas poiblí Mhontainéagró, ach fós féin gur cúis mhór imní di leochaileachtaí a bhaineann le fiachas; á iarraidh go ndéanfadh Montainéagró céimeanna breise a ghlacadh i dtreo inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí agus bearta a fhorbairt chun an geilleagar neamhfhoirmiúil a laghdú;

58. á iarraidh go ndéanfadh Montainéagró feabhas a chur ar a bheartais eacnamaíocha fhioscacha chun a leibhéil fiachais phoiblí a ailíniú leis an sprioc a leagtar síos le Comhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis an Aontais, á áirithiú nach rachaidh siad thar 60 % de OTI; ag tathant ar Mhontainéagró a shásra um scagadh infheistíochta coigríche a neartú chun slándáil eacnamaíoch a fheabhsú, trasnaíocht pholaitiúil a chosc agus aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le droch-rialachas; ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar inbhuanaitheacht a onnmhairí trí róspleáchas ar thionscail eastóscacha a laghdú, amhail eastóscadh méine copair agus alúmanaim amh;

59. á thabhairt dá haire go bhfuil méadú tagtha ar fhiachas poiblí Mhontainéagró i leith institiúidí agus cuideachtaí eachtracha airgeadais, ar féidir iad a úsáid mar uirlis chun tionchar a imirt ar a chinntí beartais eachtraigh, go háirithe na cinntí sin a bhaineann leis an tSín; á thabhairt dá haire go bhfuil spéis mhéadaithe ag an tSín infheistíocht a dhéanamh sna Balcáin Thiar agus i dtionscadail bonneagair iompair i Montainéagró mar chuid dá Tionscnamh Creasa agus Bóthair; á thabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur síníodh meabhrán tuisceana le cuibhreannas Síneach chun mórbhealach a thógáil a nascann Budva agus Tivat, agus aird á tabhairt ar fhiachas Mhontainéagró roimhe seo leis an tSín, eadhon an iasacht USD 1 bhilliún a úsáideadh chun mórbhealach Bar-Boljare a thógáil; á iarraidh go ndéanfadh na húdaráis spleáchas eacnamaíoch ar an tSín a laghdú agus á chur in iúl gur geal léi na hiarrachtaí a rinneadh le déanaí chun na leochaileachtaí fioscacha sin a laghdú; á iarraidh go leanfadh Montainéagró d’úsáid a bhaint as an bPlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta do na Balcáin Thiar agus as Tionscnamh Tairsí Domhanda an Aontais d’fhonn roghanna malartacha níos glaise agus níos trédhearcaí a aimsiú chun tionscadail bhonneagair a mhaoiniú;

60. á iarraidh go ndéanfadh údaráis Mhontainéagró céimeanna breise a ghlacadh chun seirbhísí digiteacha a chur chun feidhme do mhicrifhiontair, d’fhiontair bheaga agus d’fhiontair mheánmhéide, tosaíocht a thabhairt d’fhorbairt seirbhísí leictreonacha idirbheartaíochta agus an straitéis maidir le digitiú sa chóras oideachais a chur chun feidhme; ag aithint a thábhachtaí atá sé infheistíocht a dhéanamh san oideachas agus sa ghairmoiliúint chun aghaidh a thabhairt ar dhífhostaíocht i measc na hóige agus chun fás eacnamaíoch agus comhtháthú sóisialta a chur chun cinn i Montainéagró;

61. á chur in iúl gur geal léi cinneadh Mhontainéagró chun deireadh a chur lena chlár um shaoránacht trí infheistíocht an 31 Nollaig 2022; á thabhairt dá haire gur eisíodh níos mó ná 70 % de na pasanna sin do shaoránaigh Chónaidhm na Rúise idir 2019 agus 2022; á iarraidh go ndéanfadh na húdaráis athbhreithniú ar chinntí a rinneadh roimhe seo, go háirithe i bhfianaise chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine; ag cur béim ar na rioscaí slándála, éillithe agus sciúrtha airgid a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis na scéimeanna sin; ag cur béim, thairis sin, ar an ngá atá le tuilleadh ailínithe le beartas víosaí an Aontais;

62. ag spreagadh Mhontainéagró an úsáid is fearr a bhaint as cistí an Aontais atá ar fáil faoi IPA III agus faoin bPlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta do na Balcáin Thiar, lena n-áirítear Creat Infheistíochta na mBalcán Thiar, an Ráthaíocht don Aos Óg sna Balcáin Thiar agus clár Erasmus+; á chur i bhfáth, i gcomhréir le coinníollacht IPA III, nach mór cistiú a mhodhnú nó a chur ar fionraí i gcás cúlchéimnithe suntasach nó easpa leanúnach dul chun cinn maidir le bunphrionsabail;

63. á iarraidh go ndéanfadh an tAontas agus tíortha na mBalcán Thiar creat a bhunú le haghaidh comhar éifeachtach le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE); á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún na socruithe dlíthiúla agus polaitiúla is gá chun dlínse OIPE a leathnú chuig cistí an Aontais atá dírithe ar Mhontainéagró mar thír is iarrthóir; ag spreagadh thíortha na mBalcán Thiar socruithe oibre déthaobhacha a thabhairt i gcrích go pras le OIPE chun dlúthchomhar agus ionchúiseamh a éascú maidir le mí-úsáid chistí an Aontais, lena n-áirítear trí oifigigh idirchaidrimh náisiúnta a thabhairt ar iasacht do OIPE;

64. ag athdhearbhú a hiarrata ar an gCoimisiún moltaí thuarascáil speisialta 01/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a chur chun feidhme agus, ar an gcaoi sin, a cuid infheistíochtaí a bhaineann leis an smacht reachta sna Balcáin Thiar a oiriúnú, lena n-áirítear i Montainéagró;

*Fuinneamh, an comhshaol, bithéagsúlacht, forbairt inbhuanaithe agus nascacht*

65. á chur in iúl gur geal léi pacáiste tacaíochta fuinnimh an Choimisiúin do na Balcáin Thiar agus á chur i bhfios go láidir a ríthábhachtaí atá sé cistí pacáiste tacaíochta éigeandála a ainmniú chun éifeachtaí na géarchéime fuinnimh a mhaolú agus chun tacú le haistriú Mhontainéagró i dtreo geilleagar atá tíosach ar fhuinneamh agus atá bunaithe ar fhuinneamh in-athnuaite, i gcomhréir le plean REpowerEU;

66. á chur in iúl gur geal léi seoladh an mhargaidh leictreachais lá roimh ré ag Malartú Cumhachta Mhontainéagró, lena ndéantar an margadh níos leachtaí agus níos trédhearcaí chun leasa tomhaltóirí agus táirgeoirí araon, lena n-áirithítear praghsanna córa, soláthar níos sláine agus níos iontaofa agus comhtháthú níos fearr an fhuinnimh in-athnuaite; á iarraidh go ndeanfadh Montainéagró comhtháthú níos fearr le margaí fuinnimh Bhallstáit AE agus borradh a chur faoi chur chun feidhme beart éifeachtúlachta fuinnimh i gcomhar le húsáid fuinnimh in-athnuaite a éascú d'fhonn aistriú ó bhreoslaí iontaise;

67. á iarraidh go ndéanfadh Montainéagró dlús a chur lena aistriú fuinnimh inbhuanaithe i gcomhréir le Comhaontú Pháras agus le spriocanna dícharbónaithe an Aontais; á chur i

bhfios go láidir nach mór do gach tionscadal nua fuinnimh in-athnuaite *acquis* an Aontais maidir le lamháltais, státchabhair agus an comhshaol a chomhlíonadh; á iarraidh go ndéanfadh na húdaráis dlús a chur leis an bpróiseas chun Plean Spásúil Ginearálta Mhontainéagró a fhorbairt, ar cheart é a fhorbairt ar bhealach trédhearcach ar mhaithe le leas an phobail agus ba cheart feidhm a bheith aige maidir le gach tionscadal nua fuinnimh; á thabhairt chun suntais gur gá an pacáiste athbhreithnithe maidir le fuinneamh glan do gach Eorpach a thrasuí agus a chur chun feidhme go héifeachtach; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di na hathruithe a tugadh isteach sa Dlí maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha agus an leathnú a rinneadh dá bharr ar oibriú ghléasra cumhachta guail Pljevlja, in ainneoin an nós imeachta um shárú leanúnach a sheol Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh i bhfianaise an tsáraithe ar an Treoir maidir le Pleananna Móra Dócháin faoi Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh; á iarraidh go ndéanfadh Montainéagró é sin a leigheas gan mhoill; á thabhairt dá haire gur cuireadh tús le hatógáil éiceolaíoch an ghléasra ar fiú EUR 70 milliún é;

68. á thabhairt dá haire gur síníodh meabhrán tuisceana idir Montainéagró agus na Stáit Aontaithe agus an obair á déanamh chun críochfort gáis nádúrtha leachtaithe a shuiteáil i gcalafort Bar; ag dréim leis go ngeallfaidh Montainéagró an soláthar fuinnimh a éagsúlú agus an tslándáil fuinnimh a fheabhsú;

69. á iarraidh go ndéanfadh Montainéagró dlús a chur le plean náisiúnta fuinnimh agus aeráide a bheidh comhleanúnach agus inchreidte a fhorbairt agus a ghlacadh, i gcomhréir le creat beartais aeráide agus fuinnimh an Aontais; ag spreagadh Mhontainéagró chun leasuithe ar an Dlí maidir le Cosaint i gcoinne Tionchair Diúltacha an Athraithe Aeráide a ghlacadh; á iarraidh go ndéanfadh Montainéagró cleachtais bainistithe dramhaíola a fheabhsú agus cáilíocht an uisce a chosaint;

70. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé go gcomhlíonfaidh infheistíochtaí bonneagair Mhontainéagró caighdeáin an Aontais sa Treoir maidir le Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol agus chun rialacha an Aontais maidir le soláthar poiblí agus státchabhair a urramú; á chur in iúl gur oth léi go mór an damáiste a rinneadh d’Anaclann Bhithsféar Abhantrach Tara agus do láithreán oidhreachta UNESCO i bPáirc Náisiúnta Durmitor atá nasctha le tógáil mhórbhealaigh Bar-Boljare; á iarraidh an athuair go ndéanfadh Montainéagró bearta athbheochana ar ghrinneall na habhann a chur chun feidhme agus dlúthfhaireachán a dhéanamh ar an tionchar atá ag tógáil bonneagair iompair ar an gcomhshaol;

71. ag athdhearbhú a hiarrata ar Mhontainéagró bearta práinneacha a dhéanamh chun limistéir faoi chosaint a chaomhnú ar bhealach éifeachtach agus á mholadh go leanfaí de láithreáin Natura 2000 a d’fhéadfadh a bheith ann a shainaithint; á chur i bhfios go láidir gur gá comhlíonadh na Treorach maidir le Gnáthóga agus na Creat-Treorach Uisce a áirithiú agus infheistíochtaí nua á ndéanamh a d’fhéadfadh difear a dhéanamh do láithreáin Natura 2000 nó do láithreáin Emerald a d’fhéadfadh a bheith ann, lena n-áirítear Loch Skadar, Sinjajevina, Komarnica agus cinn eile, nó a bhféadfadh meath ar stádas na ndobharlach a bheith mar thoradh orthu; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di, a chuir saoránaigh Mhontainéagró agus gníomhaithe sibhialta in iúl, go bhféadfaí cainneon abhainn Komarnica a scriosadh ar bhealach do-aisiompaithe trí dhamba a thógáil le haghaidh gléasra hidreachumhachta, agus á iarraidh go ndéanfadh na húdaráis

analís mhionsonraithe costais is tairbhe ar a inmharthanacht agus ar na roghanna malartacha atá ann cheana;

72. ag spreagadh Mhontainéagró chun dlús a chur le gníomhaíocht maidir le hathchóirithe institiúideacha agus reachtacha maidir le sealgaireacht agus iascaireacht, agus béim ar leith á leagan ar limistéir faoi chosaint agus ar speicis faoi chosaint;  ag tathant ar údaráis Mhontainéagró, i bhfianaise an chúlra sin, pionóis éifeachtacha, athchomhairleacha agus chomhréireacha a fhorfheidhmiú maidir le gach cion comhshaoil agus deireadh a chur leis an éilliú san earnáil sin;

73. á chur in iúl gur geal léi an comhaontú ó Chruinniú Mullaigh Thioránа maidir le costais fánaíochta a laghdú idir an tAontas agus na Balcáin Thiar ón 1 Deireadh Fómhair 2023 d'fhonn deireadh iomlán a chur leo ina dhiaidh sin; á chur in iúl gur geal léi comhaontú an 3 Bealtaine 2023 idir 38 oibreoir teileachumarsáide ón Aontas agus ó na Balcáin Thiar chun na costais a bhaineann le fánaíocht sonraí a laghdú; á iarraidh go ndéanfadh na húdaráis, na gníomhaithe príobháideacha agus na geallsealbhóirí uile baint amach na spriocanna a comhaontaíodh a éascú chun laghdú suntasach ar mhuirir fánaíochta ar mhalartú sonraí a bhaint amach;

°

°     °

74. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig Uachtarán na Comhairle Eorpaí, chuig an gCoimisiún, chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát, agus chuig Uachtarán, Rialtas agus Parlaimint Mhontainéagró.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Tacaítear le tiomantas seanbhunaithe Mhontainéagró do Bhallraíocht an Aontais amach anseo le tacaíocht phoiblí bhuanseasmhach. Mar sin féin, le blianta beaga anuas, tá deireadh tagtha le dul chun cinn maidir le príomh-athchóirithe an Aontais mar gheall ar mhórtheannas polaitiúil agus polarú, rud a d’fhág géarchéim dhomhain pholaitiúil agus institiúideach sa tír. Tá sé tábhachtach anois go gcuirfear bailchríoch gan mhoill ar bhunú na n-údarás atá ar son an Aontais agus go nglacfaidh siad sin páirt in idirphlé cuiditheach chun dul chun cinn suntasach a dhéanamh ar chonair Mhontainéagró i dtreo an Aontais. Is éard atá i gceist leis sin, go háirithe, dul chun cinn a dhéanamh maidir leis na príomh-athchóirithe, eadhon maidir leis an smacht reachta, d’fhonn dul i dtreo tuilleadh caibidlí caibidlíochta a dhúnadh.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 20.9.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 51<br>–: 3<br>0: 3 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Alviina Alametsä, Alexander Alexandrov Yordanov, Traian Băsescu, Anna Bonfrisco, Reinhard Bütikofer, Włodzimierz Cimoszewicz, Katalin Cseh, Michael Gahler, Giorgos Georgiou, Sunčana Glavak, Raphaël Glucksmann, Klemen Grošelj, Bernard Guetta, Dietmar Köster, Andrius Kubilius, David Lega, Miriam Lexmann, Nathalie Loiseau, Leopoldo López Gil, Antonio López-Istúriz White, Thierry Mariani, David McAllister, Vangelis Meimarakis, Sven Mikser, Alessandra Moretti, Javier Nart, Matjaž Nemec, Demetris Papadakis, Kostas Papadakis, Tonino Picula, Manu Pineda, Thijs Reuten, Nacho Sánchez Amor, Isabel Santos, Mounir Satouri, Andreas Schieder, Jordi Solé, Hermann Tertsch, Hilde Vautmans, Anders Vistisen, Viola von Cramon-Taubadel, Thomas Waitz, Isabel Wiseler-Lima, Željana Zovko |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Vladimír Bilčík, Angel Dzhambazki, Andrey Kovatchev, Georgios Kyrtsos, Carina Ohlsson, Juozas Olekas, Nikos Papandreou, Mick Wallace, Javier Zarzalejos |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Gheorghe Falcă, Dace Melbārde, Jan-Christoph Oetjen, Juan Ignacio Zoido Álvarez |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 51 | + |
|---|---|
| ECR | Angel Dzhambazki, Hermann Tertsch |
| ID | Anna Bonfrisco |
| PPE | Alexander Alexandrov Yordanov, Traian Băsescu, Vladimír Bilčík, Gheorghe Falcă, Michael Gahler, Sunčana Glavak, Andrey Kovatchev, Andrius Kubilius, David Lega, Miriam Lexmann, Leopoldo López Gil, Antonio López-Istúriz White, David McAllister, Vangelis Meimarakis, Dace Melbārde, Isabel Wiseler-Lima, Javier Zarzalejos, Juan Ignacio Zoido Álvarez, Željana Zovko |
| Renew | Katalin Cseh, Klemen Grošelj, Bernard Guetta, Georgios Kyrtsos, Nathalie Loiseau, Javier Nart, Jan-Christoph Oetjen, Hilde Vautmans |
| S&D | Włodzimierz Cimoszewicz, Raphaël Glucksmann, Dietmar Köster, Sven Mikser, Alessandra Moretti, Matjaž Nemec, Carina Ohlsson, Juozas Olekas, Demetris Papadakis, Nikos Papandreou, Tonino Picula, Thijs Reuten, Nacho Sánchez Amor, Isabel Santos, Andreas Schieder |
| Verts/ALE | Alviina Alametsä, Reinhard Bütikofer, Mounir Satouri, Jordi Solé, Viola von Cramon-Taubadel, Thomas Waitz |

| 3 | - |
|---|---|
| ID | Thierry Mariani, Anders Vistisen |
| NI | Kostas Papadakis |

| 3 | 0 |
|---|---|
| An Chlé | Giorgos Georgiou, Manu Pineda, Mick Wallace |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh